

**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000118/2018
ar an gCoimisiún**

Rule 128

**Mairead McGuinness, Rory Palmer, Jadwiga Wiśniewska, Gesine Meissner, Tilly Metz,
Estefanía Torres Martínez, Piernicola Pedicini**

, thar ceann An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Galair neamhchoitianta

San Aontas Eorpach, meastar gur galar neamhchoitianta atá ann nuair nach mbuaileann an galar níos mó ná duine as 2 000. Cé go bhfuil leitheadúlacht íseal mar shaintréith ag galair neamhchoitianta aonair, bíonn tionchar acu ar na córas bhitheolaíoch go léir. Tá idir 6 000 agus 8 000 galar neamhchoitianta difriúla a bhfuil tionchar acu ar tuairim is 30 milliún duine san Aontas Eorpach ar an iomlán.

Sroicheann níos mó, ach líon teoranta, “drugaí dílleachta” na hothair. Tá easpa cóireála éifeachtaí in aghaidh thromlach na ngalar neamhchoitianta fós, áfach. Tá réimse na ngalar neamhchoitianta ag fulaingt mar gheall ar easpa eolais leighis agus eolaíoch. Is iad na saintréithe atá ag grúpa galair neamhchoitianta ar leith ná a dhul chun cinn tapa agus a éifeachtaí thar a bheith díblithe, lena n-áirítear, bás tapa. Ní dhéanann na leigheasanna atá ar fáil do na galair sin faoi láthair ach dul chun cinn an ghalair a mhoilliú. Tá fáthmheas luath ríthábhachtach mar sin, toisc go mbeidh tionchar diúltach ar ionchas saoil an othair sin má bhíonn aon mhoill idir na chéad comharthaí agus an fáthmheas iarbhír. Tá gá le taighde freisin le haghaidh cóireáil éifeachtach. Sa bhreis air sin, tá an-éagsúlachtaí ann ar fud na hEorpa maidir leis an rochtain atá ag othair ar leigheasanna le haghaidh galair neamhchoitianta.

I bhfianaise an mhéid sin thuas:

1. Cad iad na bearta atá glactha ag an gCoimisiún go dtí seo chun fáthmheas cruinn agus tráthúil na ngalar neamhchoitianta a áirithiú, chomh maith le rochtain ar na leigheasanna inacmhainne atá ag teastáil chun cóireáil a chur orthu, ar fud AE? Conas a chuireann an Coimisiún taighde chun cinn i réimse na ngalar neamhchoitianta agus i bhforbairt modhanna nua nó feabhsaithe le haghaidh fáthmheas luath? Conas a bheartaíonn sé na hiarrachtaí seo a chur chun cinn agus torthaí feabhsaithe intomhaiste a bhaint amach d’othair na ngalar neamhchoitianta i ngach aon Bhallstát de AE?
2. Conas a bheartaíonn an Coimisiún rochtain ar fhaisnéis agus ar leigheasanna agus cóireáil leighis a ráthú d’othair na ngalar neamhchoitianta ar fud AE? Conas a chuireann an Coimisiún comhordú agus foghlaim níos fearr chun cinn ar fud na mBallstát, ós rud é gur féidir tionchar suntasach a bheith ag fáthmheas luath agus cruinn ar phrognóis agus caighdeán saoil an othair?
3. Cad iad na pleananna atá beartaithe ag an gCoimisiún chun maoiniú inbhuanaithe na n-eagraíochtaí othair a thacaíonn le Líonraí Tagartha Eorpacha maidir le galair neamhchoitianta a áirithiú, mar shampla Clár Comhpháirteach na hEorpa maidir le Galair Neamhchoitianta?

Curtha síos: 15.10.2018

Curtha ar aghaidh: 17.10.2018

Spríocam le haghaidh freagra: 24.10.2018